Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0331(COD)**

**14308/20**
**ADD 1**

**CT 122**
**ENFOPOL 355**
**COTER 121**
**JAI 1135**
**CYBER 285**
**TELECOM 281**
**FREMP 149**
**AUDIO 70**
**DROIPEN 127**
**CODEC 1412**

**DRÉACHT-RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfar RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne<br>– Dréachtráiteas ar chúiseanna na Comhairle |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Meán Fómhair 2018, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa an togra thuasluaite[1] le haghaidh Rialachán maidir le cosc a chur le scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne. Is é is bunús dlí leis Airteagal 114 [dlíthe a chomhfhogasú] den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an togra faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

2. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) i litir dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2018 agus thug sé a thuairim uaidh maidir leis an togra an 12 Nollaig 2018[2] le linn an tseisiúin iomlánaigh a bhí aige i mí na Nollag.

3. An 6 Nollaig 2018, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta[3] maidir leis an ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, arb é an sainordú don chaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa i gcomhthéacs an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

4. An 12 Feabhra 2019, chuir an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí 'barúlacha foirmiúla' faoin dréachtrialachán chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gCoimisiún agus chuig an gComhairle[4]. An lá céanna, d'eisigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, tar éis di iarraidh a fháil ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2019, tuairim maidir leis an togra[5].

5. An 17 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa seasamh ar an gcéad léamh[6] i dtaca leis an togra ón gCoimisiún; moladh 155 leasú ar an togra ón gCoimisiún, caitheadh 308 vóta ina fhabhar agus 204 ina aghaidh, agus staon 70.

---

1 12129/18 + ADD 1-3.
2 IO C 110, 22.3.2019, lch. 67 (15729/19).
3 15336/18.
4 Tag. 2018-0822 D2545 (WK 9232/2019).
5 Tuairim ó FRA - 2/2019 (WK 9235/2019).
6 Féach 8663/19 (Nóta faisnéise ó GIP2 (Caidreamh Idirinstitiúideach) chuig Coreper ina dtugtar an toradh a bhí ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa); Dearbhaíodh sainordú na Parlaiminte ag suí iomlánach an 10-11 Deireadh Fómhair 2019.

6. Chuaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i mbun caibidlíochta i mí Dheireadh Fómhair 2019 d'fhonn teacht ar chomhaontú luath ar an dara léamh. Tugadh an chaibidlíocht chun críche go rathúil an 10 Nollaig 2020 agus tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar chomhaontú sealadach maidir le téacs comhréitigh.

7. An 16 Nollaig 2020, rinne Coreper II anailís agus dearbhú sealadach ar an téacs comhréitigh críochnaitheach i bhfianaise an chomhaontaithe ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa[7].

8. An 11 Eanáir 2021, d'fhormhuinigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an comhréiteach. An 13 Eanáir, chuir Cathaoirleach Choiste LIBE litir chuig Cathaoirleach Coreper II á chur in iúl dó go molfadh sé don suí iomlánach — dá dtarchuirfeadh an Chomhairle a seasamh chuig Parlaimint na hEorpa go foirmiúil san fhoirm a bhfuil sé ar fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an litir sin — an seasamh ón gComhairle a ghlacadh gan leasú, faoi réir fíorú dlí agus teanga, ar an dara léamh ó Pharlaimint na hEorpa[8].

[7] 12906/20.
[8] 5634/21.

## II. CUSPÓIR

9. Tá creat soiléir dlíthiúil sa Rialachán ina leagtar amach freagrachtaí na mBallstát agus na soláthraithe seirbhísí óstála d'fhonn aghaidh a thabhairt ar mhí-úsáid na seirbhísí óstála chun ábhar sceimhlitheoireachta ar líne a scaipeadh, agus feidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair Dhigitigh á ráthú, agus muinín agus slándáil sa timpeallacht ar líne a áirithiú ag an am céanna. Go háirithe, féachtar ann le soiléire a sholáthar maidir leis an bhfreagracht atá ar na soláthraithe seirbhísí óstála sábháilteacht a gcuid seirbhísí a áirithiú agus aghaidh a thabhairt go tapa agus go héifeachtach ar ábhar sceimhlitheoireachta ar líne, é a shainaithint agus a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú. Cruthaítear leis ionstraim oibríochtúil éifeachtach agus nua chun ábhar sceimhlitheoireachta a dhíothú trí orduithe baint anuas, a bhfuil éifeacht trasteorann acu, a eisiúint. Ina theannta sin, is é is aidhm dó coimircí a choinneáil ar bun chun cosaint na gceart bunúsach a áirithiú, lena n-áirítear an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil i sochaí oscailte dhaonlathach agus an tsaoirse chun gnó a riar. Déantar foráil sa Rialachán go ndéanfar ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas laistigh d'aon uair an chloig amháin ón ordú baint anuas a fháil, agus leagtar amach ann freagrachtaí na n-ardán ar líne maidir lena áirithiú go mbainfear anuas ábhar den sórt sin. Anuas ar dheiseanna chun sásaimh bhreithiúnaigh, a ráthaítear leis an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil, tugtar isteach leis an Rialachán roinnt cosaintí agus sásraí gearáin.

10. Is féidir leis an údarás inniúil/na húdaráis inniúla i ngach Ballstát ordú baint anuas a eisiúint chuig aon soláthraí seirbhísí óstála a thairgeann seirbhísí laistigh den Aontas. Beidh sé de cheart agus d'oibleagáid ag an údarás inniúil/na húdaráis inniúla sa Bhallstát ina bhfuil a phríomhbhunaíocht ag an soláthraí seirbhíse—agus ar iarraidh réasúnaithe ó sholáthraithe seirbhísí óstála nó ó sholáthráithe ábhair—grinnscrúdú a dhéanamh ar an ordú baint anuas má mheastar go sáraíonn an t-ordú baint anuas an Rialachán féin go tromchúiseach nó go follasach nó má mheastar go sáraíonn an t-ordú na cearta bunúsacha a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba cheart do na Ballstáit na rialacha a ghlacadh maidir le pionóis i leith sáruithe ar na hoibleagáidí, agus cineál an tsáraithe agus méid na cuideachta i dtrácht, i measc nithe eile, á gcur san áireamh.

## III. <u>ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

### GINEARÁLTA

11. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta ar mhaithe le teacht ar chomhaontú ar an dara léamh ar bhonn seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas mar sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán maidir le cosc a chur le scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir, le cúnamh ón gCoimisiún Eorpach.

### ACHOIMRE AR NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA

12. Ag eascairt as iarraidh a fuarthas ó Pharlaimint na hEorpa, athraíodh teideal an Rialacháin go "Rialachán maidir le <u>haghaidh a thabhairt</u> [...] ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne".

13. Tá an <u>sainmhíniú a thugtar ar "ábhar sceimhlitheoireachta"</u> ag teacht leis na sainmhínithe ar na cionta ábhartha atá sa Treoir maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac[9]. I dtaca leis an <u>raon feidhme</u>, cumhdaítear, le seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh, ábhair a scaiptear ar an bpobal, *i.e.* ar líon daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta. Níor cheart a mheas gur ábhar sceimhlitheoireachta aon ábhar a scaiptear chun críoch oideachais, iriseoireachta, ealaíonta nó taighde nó chun feasacht a mhúscailt ar mhaithe leis an sceimhlitheoireacht a chosc nó a chomhrac. Áirítear leis sin freisin ábhar ina gcuirtear tuairimí poileimiciúla nó conspóideacha in iúl mar chuid de dhíospóireacht phoiblí ar cheisteanna polaitiúla íogaire. Cinnfear le measúnú an fíorchuspóir atá leis an ábhar a scaipeadh. Sonraíodh freisin nach mbeidh sé d'éifeacht ag an Rialachán seo go modhnófar an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 CAE a urramú agus beidh feidhm aige gan dochar do na prionsabail bhunúsacha a bhaineann leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse agus iolrachas na meán.

[9] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6).

14. Déanfaidh na soláthraithe seirbhísí óstála bearta iomchuí, réasúnta comhréireacha chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar an mí-úsáid a bhaintear as a gcuid seirbhísí chun ábhar sceimhlitheoireachta a scaipeadh ar líne. Má fhágtar soláthraithe seirbhísí óstála gan chosaint ar ábhar sceimhlitheoireachta, beidh orthu bearta sonracha a ghlacadh chun a gcuid seirbhísí a chosaint ar scaipeadh an ábhair sin. Sa téacs a comhaontaíodh, déantar airteagal amháin dar teideal "Bearta sonracha" a dhéanamh as trí airteagal i.e. Airteagal 3 (Dualgais chúraim), Airteagal 6 (Bearta réamhghníomhacha) agus Airteagal 9 (Coimircí maidir le bearta réamhghníomhacha). Is faoin soláthraí seirbhíse óstála féin rogha a dhéanamh i dtaobh na mbeart sin. Is léir ó sheasamh na Comhairle ar an gcéad léamh gur féidir leis an soláthraí seirbhísí óstála bearta éagsúla a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear bearta uathoibrithe ar féidir iad a chur in oiriúint do chumais an tsoláthraí seirbhísí óstála agus do chineál na seirbhísí a thairgtear. I gcás ina measfaidh an t-údarás inniúil nach leor na bearta sonracha atá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí, beidh sé in ann a cheangal go nglacfar bearta sonracha breise iomchuí, éifeachtacha comhréireacha. Mar sin féin, níor cheart go bhfágfadh an ceanglas na bearta sonracha breise sin a chur chun feidhme go mbeadh oibleagáid ghinearálta ann faireachán a dhéanamh ar aimsiú gníomhach fíoras de réir bhrí Airteagal 15(1) de Threoir 2000/31/CE[10] nó oibleagáid uirlisí uathoibrithe a úsáid. Ar mhaithe trédhearcacht a áirithiú, beidh ar na soláthraithe seirbhísí óstála tuarascálacha trédhearcachta bliantúla a fhoilsiú maidir leis an ngníomhaíocht arna déanamh in aghaidh scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta.

15. Táthar tar éis ról an Bhallstáit óstaigh maidir le horduithe baint anuas a bhfuil éifeachtaí trasteorann acu a neartú, trí nós imeachta grinnscrúdaithe a thabhairt isteach: féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil a phríomhbhunaíocht nó ionadaí dlíthiúil ag an soláthraí seirbhísí óstála grinnscrúdú a dhéanamh, ar a thionscnamh féin, ar an ordú baint anuas arna eisiúint ag údaráis inniúla ó Bhallstát eile, chun a chinneadh an sáraíonn sé an Rialachán nó na cearta bunúsacha mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh iad go tromchúiseach nó go follasach. Ar iarraidh réasúnaithe ó sholáthraí seirbhísí óstála nó ó sholáthraí ábhair, beidh sé d'oibleagáid ar an mBallstát óstach grinnscrúdú a dhéanamh ar tharla sárú den sórt sin.

---

[10] Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, an trádáil leictreonach, go háirithe, sa Mhargadh Inmheánach ("an Treoir maidir le trádáil leictreonach") (IO L 178, 17.7.2000, lch. 1).

16. Seachas i gcásanna éigeandála cuí-réasúnaithe, ba cheart réamhfhógra 12 uair an chloig, lena n-áirítear faisnéis faoi na nósanna imeachta agus na spriocdhátaí is infheidhme, a thabhairt do na soláthraithe seirbhísí óstála sin nach bhfuair aon ordú baint anuas ón údarás sin roimhe sin, go háirithe d'fhonn an t-ualach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a mhaolú.

17. Scriostar an t-airteagal maidir le tarchuir — sásra chun foláireamh a thabhairt do sholáthraithe seirbhísí óstála a óstálann ábhar sceimhlitheoireachta agus a bhféadfadh na soláthraithe a bhreithniú go deonach i leith a gcuid téarmaí agus coinníollacha féin — ach soiléirítear i gceann de na haithrisí go bhfuil de rogha fós ag na Ballstáit agus ag Europol tarchur a dhéanamh más mian leo sin.

18. Maidir le hábhar sceimhlitheoireachta a baineadh anuas nó a ndearnadh rochtain air a dhíchumasú mar thoradh ar orduithe baint anuas nó ar bhearta sonracha, ní mór é a chaomhnú ar feadh sé mhí ón uair a bhaintear anuas nó a dhíchumasaítear é, tréimhse is féidir a fhadú, i gcás inar gá agus chomh fada agus is gá, i ndáil le hathbhreithniú.

19. Leagfaidh na Ballstáit rialacha síos maidir le pionóis is infheidhme i ndáil le haon sárú arna dhéanamh ag na soláthraithe seirbhísí óstála ar an Rialachán seo. Féadfar cineálacha éagsúla pionóis a ghearradh, lena n-áirítear rabhaidh fhoirmiúla i gcás mionsáruithe nó pionóis airgeadais i ndáil le sáruithe níos tromchúisí. Leagtar amach sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, na sáruithe sin atá faoi réir pionós agus na himthosca sin atá ábhartha maidir le meastóireacht a dhéanamh ar chineál agus leibhéal na bpionós sin. D'fhéadfaí smachtbhannaí suas le 4 % dá láimhdeachas domhanda a chur ar sholáthraithe seirbhísí óstála má theipeann orthu go córasach nó go leanúnach cloí le riail na huaire an chloig chun ábhar sceimhlitheoireachta a bhaint anuas nó rochtain air a dhíchumasú.

## IV. CONCLÚID

20. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (Coreper II) an 13 Eanáir 2021.